Bua sa chomórtas díospóireachta (Ginearálta)



1.Chonaic muid go raibh comórtas díospóireachta **ar siúl** agus bhí **an chéad duais** go hiontach: Turas go dtí an Ghréig a bhí ann!

2. Rinne muid go maith sna díospóireachtaí agus bhain muid an **comórtas ceannais** amach. Bhí mé neirbhíseach, ach bhí foireann láidir againn **in aghaidh** Scoil Mhuire.



3. Bhí ár bhfoireann ag caint **in aghaidh an rúin**: *'Níl aon leigheas i ndán don tír seo.'* Labhair gach duine go maith agus bhí an díospóireacht iontach suimiúil.

4. Shíl na moltóirí gur labhair foireann ár scoile **níos fearr** ná foireann Scoil Mhuire. Mhol sé an dá fhoireann **go hard na spéire** áfach.

5**. Bhronn an príomhmholtóir an corn orainn**. Fuair muid seic mór don scoil freisin – Seic dhá mhíle euro a bhí ann. Fuair muid bualadh bos mór ón halla.

6. An oíche sin, chuaigh muid amach **fá choinne béile** leis an phríomhoide. Bhí gach duine **ar bís**. Bhí muid sona sásta go raibh an seans againn dul go dtí an Ghréig.